



## Léirshamhail litreach de chuid an AE d'amhrastaigh agus do chosantóirí in imeachtaí coiriúla

Tá tú i dteideal an litir cearta seo a choimeád leat féin fhad is a bheidh tú ar do choinneáil

Más rud é go mbaineann na póilíní do shaoirse díot de bharr tú a bheith faoi amhras as cion a dhéanamh tá na cearta seo a leanas agat:

- A. eolas a fháil faoin gcion faoina bhfuiltear in amhras fút
- B. gan freagra a thabhairt ar cheistanna na bpóilíní ná aon ráitis a thabhairt do na póilíní
- C. cúnamh ó dhlíodóir
- D. ateangaire agus aistriú doiciméad, más rud é nach dtuigeann tú an teanga
- E. faisnéis a thabhairt do dhuine éigin gur baineadh do shaoirse díot
- F. faisnéis a thabhairt don ambasáid a bhaineann leat más eachtrannach thú
- G. fios a bheith agat cén fhaid is féidir tú a choinneáil
- H. dochtúir a fheiceáil más rud é go n-airíonn tú tinn nó go dteastaíonn cógas leighis uait

Tá breis sonraí faoi na cearta seo istigh anseo

## **A. Eolas faoin amhras**

- tá de cheart agat fios a bheith agat cén cion faoina bhfuiltear in amhras fút láithreach bonn i ndiaidh saoirse a bhaint díot, fiú mura gcuireann na póilíní aon cheisteanna ort.

## **B. Ceart ar fhanacht i do thost**

- **Ní gá duit** freagra a thabhairt ar cheisteanna na bpóilíní ná aon ráitis a thabhairt do na póilíní.
- Is féidir le dlíodóir cúnamh agus comhairle a thabhairt duit faoin dlí agus tú a chabhrú chun cinnte a ghlacadh freagra a thabhairt ar cheisteanna ná a mhalairt.
- Más rud é go mbíonn dlíodóir ag teastáil uait, níl de cheart ag na póilíní tosú dod cheistiú sula mbíonn an deis agat labhairt le dlíodóir.

## **C. Cabhair ó dhlíodóir**

- Tá de cheart agat labhairt le dlíodóir sula dtosaíonn na póilíní dod cheistiú.
- Más rud é go n-iarrann tú labhairt le dlíodóir, ní hionann sin agus a rá go bhfuil aon rud mícheart déanta agat.
- Ní mór do na póilíní cabhair a thabhairt duit chun teagmháil a dhéanamh le dlíodóir.
- Más rud é nach bhfuil tú in acmhainn íoc as dlíodóir, ní mór do na póilíní eolas a chur ar fáil duit faoi conas saorchúnamh dlí a fháil.
- Más rud é go dteastaíonn uait labhairt le dlíodóir ach nach eol duit aon cheann nó mura bhfuil tú in ann dul

i dteagmháil le do dhlíodóir féin, ní mór do na póilíní socrú go gcuirtear dlíodóir ar fáil duit sa chás go mbíonn ceart agat ar shaorchúnamh dlí.

- Bíonn an dlíodóir neamhspleách ar na póilíní agus ní nochtfaidh sé aon fhaisnéis a thugann tú dó gan cead a fháil uait féin.
- Tá de cheart agat labhairt le dlíodóir os íseal, ag stáisiúin póilíní agus/nó ar an nguthán araon.
- Is féidir leat iarraidh ar do dhlíodóir a bheith i láthair le linn do na póilíní a bheith dod cheistiú.

#### **D. Cabhair ó ateangaire**

- Más rud é nach labhraíonn tú nó nach dtuigeann tú an teanga, socróidh na póilíní ateangaire duit.
- Bíonn an t-ateangaire neamhspleách ar na póilíní agus ní nochtfaidh sé aon fhaisnéis a thugann tú dó gan cead a fháil uait féin.
- Is féidir leat ateangaire a iarraidh chun tú a chabhrú le labhairt le do dhlíodóir.
- Is saor in aisce atá cabhair ó ateangaire.
- Tá de cheart agat aistiúchán a fháil d'aon ordú nó aon chinneadh a bhaineann le do choinneáil.
- Tá de cheart agat aistruúchán a fháil de dhoiciméid a bhaineann leis an imscrúdú atá tábhachtach agus scaoileadh á iarraidh (féach faoi G).

### **E. Ag insint do dhuine éigin go bhfuil tú ar do choinneáil**

- Cuir in iúl do na póilíní má theastaíonn uait go n-instear do dhuine éigin, mar shampla, ball den teaghlach nó d'fhostóir, go bhfuil tú ar do choinneáil.

### **F. D'eachtrannaigh: conas teagmháil a dhéanamh le d'ambasáid**

- Más eachtrannach thú, is féidir leat insint do na póilíní cur in iúl do d'ambasáid nó d'údarás consalach go bhfuil tú ar do choinneáil agus an áit ina bhfuil tú ar do choinneáil.
- Caithfidh na póilíní cabhrú leat más mian leat labhairt le hoifigigh ó d'ambasáid nó d'údarás consalach.
- Tá de cheart agat scríobh chuig d'ambasáid nó d'údarás consalach. Mura bhfuil an seoladh ar eolas agat, ní mór do na póilíní cabhrú leat.
- Is féidir leis an ambasáid nó leis an údarás consalach cabhrú leat chun dlíodóir a aimsiú.

### **G. Cén fhaid is féidir do shaoirse a bhaint díot?**

- Tá de cheart agat iarraidh ar bhreitheamh tú a scoileadh ag am ar bith. Is féidir le do dhlíodóir comhairle a thabhairt duit faoi conas dul chun cinn.
- Is féidir leat féin nó le do dhlíodóir iarraidh an chuid de chomhad an cháis a bhaineann leis an amhrasa is leis an gcoinneáil a fheiceáil nó mioneolas a fháil faoin gcomhthéacs bhaineann leo.

- Más rud é nach scaoilfear saor thú, caithfear tú a thabhairt os comhair breithiúna taobh istigh de \* uaire an chloig i ndiaidh saoirse a bhaint díot.
- Ní mór don bhreitheamh éisteacht a thabhairt duit ansin agus is féidir leis cinneadh a dhéanamh cé acu atá tú le scaoileadh nó le coinneáil i gcoimeád.
- Tá de cheart agat cinneadh (aistriúchán) an bhreithiúna a fháil má bheartaíonn sé tú a choinneáil i gcoimeád.

## **H. Cúram leighis**

- Más rud é go n-airíonn tú tinn nó go dteastaíonn cógas leighis uait, iarr ar na póilíní fios a chur ar dhochtúir.
- Tá de cheart agat dul faoi scrúdú ag dochtúir os íseal.
- Is féidir leat dochtúir fireann nó dochtúir baineann a iarraidh.